



5

An Bille Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú), 2024
Public Health (Tobacco) (Amendment) Bill 2024

10

Mar a tionscnaíodh

As initiated

15

20

25

30

35

40



AN BILLE SLÁINTE POIBLÍ (TOBAC) (LEASÚ), 2024
PUBLIC HEALTH (TOBACCO) (AMENDMENT) BILL 2024

5

Mar a tionscnaíodh

As initiated

10

CLÁR ÁBHAIR

Roinn

15

1. Sainmhínithe
2. Leasú ar roinn 54 den Ghníomh 2002
3. Leasú ar roinn 55 den Ghníomh 2002
4. Leasú ar roinn 2 den Ghníomh 2023
5. Toirmeasc ar tháirgí ionanáilaithe nicitín a dhíol le leanaí
6. Toirmeasc ar tháirgí tobac a dhíol le daoine faoi bhun 21 bliain d'aois
7. Leasú ar roinn 33 den Ghníomh 2023
8. Leasú ar roinn 35 den Ghníomh 2023
9. Leasú ar roinn 39 den Ghníomh 2023
10. Leasú ar roinn 45 den Ghníomh 2023
11. Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

20

25

30

35

40

[Uimh.49.1 de 2024]

45

Gníomhartha Dá
Dtagraítear

5

An Gníomh um Dheochanna Meisciúla, 1988 (Uimh. 16)

An Gníomh um Shláinte Phoiblí (Táirgí Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín), 2023

(Uimh. 35) An Gníomh um Shláinte Phoiblí (Tobac), 2002 (Uimh. 6)

Na Gníomhartha um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 go 2023



5

AN BILLE SLÁINTE POIBLÍ (TOBAC) (LEASÚ), 2024
PUBLIC HEALTH (TOBACCO) (AMENDMENT) BILL 2024

Bille

dar teideal

10

Gníomh lena dtoirmiscítear táirgí tobac a dhíol ar miondíol le daoine faoi bhun 21 bhliain d’aois; agus chun na gcríoch sin agus chun críoch gaolmhar eile, an Gníomh um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 agus an Gníomh um Shláinte Phoiblí (Táirgí Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín) 2023 a leasú; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Bíodh sé achtaithe ag an Oireachtas mar a leanas:

15

Sainmhínithe

1. Sa Ghníomh seo—

ciallaíonn “Gníomh 2002” an [Gníomh um Shláinte Phoiblí \(Tobac\) 2002](#);

ciallaíonn “Gníomh 2023” an [Gníomh um Shláinte Phoiblí \(Táirgí Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín\) 2023](#).

20

Leasú ar roinn 54 den Ghníomh 2002

2. Leasaítear roinn 54 den Ghníomh 2002, i bhfo-roinn (12)(c), trí “28, 28A,” a chur in ionad “28”.

Leasú ar roinn 55 den Ghníomh 2002

25

3. Leasaítear roinn 55 den Ghníomh 2002, i bhfo-roinn (13)(b), trí “28, 28A” a chur in ionad “28”.

Leasú ar roinn 2 den Ghníomh 2023

4. Leasaítear roinn 2 den Ghníomh 2023 tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘aoischárta’ an bhrí chéanna atá leis i gCuid IV de [Dheochanna Meisciúla 1988](#),”.

30

Toirmeasc ar tháirgí ionanálaithe nicitín a dhíol le leanaí

5. Leasaítear Gníomh 2023 tríd an roinn seo a leanas a chur in ionad roinn 28:

“28. (1) Ní dhéanfaidh duine táirge ionanálaithe nicitín a mhiondíol, ná a chur

faoi deara é a mhiondíol, le leanbh.

(2) Aon duine a sháraíonn fo-roinn (1), déanann sé nó sí cion.

(3) In imeachtaí i gcoinne duine mar gheall ar chion faoi fho-roinn (2), is cosaint é don duine sin a chruthú, maidir leis an leanbh lena mbaineann an cion líomhnaithe—

(a) aoischárta,

(b) pas, nó

(c) ceadúnas tiomána,

a bhaineann leis an leanbh sin agus atá i bhfeidhm de thuras na huaire.”.

Toirmeasc ar tháirgí tobac a dhíol le daoine faoi bhun 21 bliain d'aois

6. Leasaítear Gníomh 2023 tríd an roinn seo a leanas a chur isteach i ndiaidh roinn 28:

“28A. (1) Ní dhéanfaidh duine táirge tobac a mhiondíol, ná a chur faoi deara é a mhiondíol, le duine atá faoi bhun 21 bhliain d’aois.

(2) Aon duine a sháraíonn fo-roinn (1), déanann sé nó sí cion.

(3) In imeachtaí i gcoinne duine mar gheall ar chion faoi fho-roinn (2), is cosaint é don duine sin a chruthú, maidir leis an duine faoi bhun 21 bhliain d’aois lena mbaineann an cion líomhnaithe, gur thug sé nó sí ar aird dó nó di—

(a) aoischárta,

(b) pas, nó

(c) ceadúnas tiomána,

atá i bhfeidhm de thuras na huaire, i ndáil leis an duine sin faoi bhun 21 bhliain d’aois.”.

Leasú ar roinn 33 den Ghníomh 2023

7. Leasaítear roinn 33 den Ghníomh 2023—

(a) tríd an bhfo-roinn seo a leanas a chur in ionad fho-roinn (1):

“(1) Féadfaidh oifigeach údaraithe, i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais mar oifigeach den sórt sin agus de réir treoirlínte arna n-eisiúint faoi fho-roinn (2), duine atá 15 bliana d’aois ar a laghad ach faoi bhun 18 mbliana d’aois a chur isteach in áitreabh ina bhfuil táirgí ionanálaithe nicitín lena miondíol chun críche an duine a cheannaíonn táirgí ionanálaithe nicitín san áitreabh sin más rud é, agus ar an gcoinníoll amháin—

(a) gur thoiligh tuismitheoir nó caomhnóir an duine i scríbhinn chuige nó chuici go gcuirfí é nó í isteach san áitreabh sin chun na críche sin, agus

(b) gur deimhin leis an oifigeach údaraithe go ndearnadh nó go ndéanfar gach beart réasúnach chun díobháil do leas an duine a sheachaint.”.

(b) tríd an bhfo-roinn seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-roinn (1)—

“(1A) Féadfaidh oifigeach údaraithe, i gcúrsa a dhualgais nó a dualgais mar oifigeach den sórt sin agus de réir treoirlínte arna n-eisiúint faoi fho-roinn (2), duine atá 15 bliana d’aois ar a laghad ach faoi bhun 21 bhliain d’aois a chur isteach in áitreabh ina miondíoltar táirgí tobac chun go gceannóidh an duine táirgí tobac san áitreabh sin más rud é, agus amháin más rud é—

(a) i gcás duine atá idir 15 bliana d’aois agus 18 mbliana d’aois, gur thoiligh tuismitheoir nó caomhnóir an duine i scríbhinn chuige nó chuici go gcuirfí é nó í isteach san áitreabh sin chun na críche sin, agus

(b) i ngach cás, gur deimhin leis an oifigeach údaraithe go ndearnadh nó go ndéanfar gach beart réasúnach chun díobháil do leas an duine a sheachaint.”, agus

(c) i bhfo-roinn (2)—

(i) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) toirmeasc a chur ar aon ghríosú gníomhach chun sárú a dhéanamh ar roinn 28 nó 28A, amhail léiriú bréagach, cibé acu ó bhéal nó trí aon doiciméad a thabhairt ar aird, go bhfuil duine—

(i) i gcás roinn 28, os cionn 18 mbliana d’aois, agus

(ii) i gcás roinn 28A, os cionn 21 bhliain d’aois, agus”, agus

(ii) i mír (b)(iii), trí “roinn 28 nó 28A” a chur in ionad “roinn 28”.

Leasú ar roinn 35 den Ghníomh 2023

8. Leasaítear roinn 35 den Ghníomh 2023, i bhfo-roinn (1), trí “27(3), 28(2) nó 28A(2)” a chur in ionad “27(3) nó 28(2)”.

Leasú ar roinn 39 den Ghníomh 2023

9. Leasaítear roinn 39 den Ghníomh 2023, i bhfo-roinn (5)(a), trí “26(3), 28(2) nó 28A(2)” a chur in ionad “26(3) nó 28(2)”.

Leasú ar roinn 45 den Ghníomh 2023

10. Leasaítear roinn 45 den Ghníomh 2023 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad na míre sin: maidir le mír (d):

“(d) trí na fo-ranna seo a leanas a chur in ionad fho-roinn (4): ‘(4) Faoi réir fho-ranna (4A) agus (4B) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceanglais chun Praghsanna Táirgí a chur in iúl) 2002 (I.R. Uimh. 639 de 2002), cinnteoidh ceadúnaí—

(a) ní thaispeánfar aon fhógra, comhartha ná taispeáint, agus

(b) ní eiseofar aon bhileog, ciorclán, paimfléad ná bróisiúr don phobal ná ní thabharfar do cheannaitheoir táirge iad,

in aon áit, á chur in iúl go bhféadfar táirgí tobac a cheannach ag an áitreabh lena mbaineann.

(4A) D'ainneoin fho-roinn (4) agus faoi réir fho-roinn (4B), féadfar comhartha a thaispeáint á chur in iúl go bhféadfar táirgí tobac a cheannach san áitreabh lena mbaineann ar cibé modh agus i cibé foirm a fhorordófar le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire. (4B) Maidir le comhartha faoi fho-roinn (4A)—

(a) a chur in iúl don phobal, an 31 Eanáir 2028 nó roimhe, go bhféadfar táirgí tobac a dhíol san áitreabh le daoine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu,

(b) a chur in iúl don phobal, an 1 Feabhra 2028 nó dá éis, go bhféadfar táirgí tobac a dhíol san áitreabh le daoine a bhfuil 21 bhliain d'aois slánaithe acu, agus

(c) cibé faisnéis eile a fhorordófar a sholáthar.”.

Gearrtheideal, comhlua agus tosach feidhme

11. (1) Féadfar an Gníomh um Shláinte Phoiblí (Tobac) (Leasú), 2024 a ghairm den Ghníomh seo.

(2) Féadfar na Gníomhartha um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 go 2024 a ghairm de na Gníomhartha um Shláinte Phoiblí (Tobac) 2002 go 2023 agus den Ghníomh seo.

(3) Faoi réir *fo-roinn (4)*, tiocfaidh an Gníomh seo i ngníomh an 1 Feabhra 2028.

(4) Tiocfaidh *Roinn 10* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

BILLE

(mar a tionscnaíodh)

dá ngairtear

25

BILL

(as initiated)

entitled

Acht do thoirmeasc táirgí tobac a mhiondíol le daoine atá faoi bhun 21 bhliain d'aois; agus, chun na gcríoch sin agus chun críoch gaolmhar eile, do leasú an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus an Achta Sláinte Poiblí (Táirgí Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín), 2023; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

35

An tAire Sláinte a thíolaic,
27 Meitheamh, 2024

An Act to prohibit the sale by retail of tobacco products to persons under the age of 21 years; and for those and other related purposes, to amend the Public Health (Tobacco) Act 2002 and the Public Health (Tobacco Products and Nicotine Inhaling Products) Act 2023; and to provide for related matters.

Presented by the Minister for Health,
27th June, 2024